

Ealaíonn an t-alt i dteideal an dáin seo amach ón tsraith lónmhar sin de dháonta pearsanta clainne, i dtraidisiún na hÉireann, mar a gaoineann mac nó iníon an té atá báisithe. An réim teanga chomh maith, ní dioscúrsa muinteartha na clainne atá anseo againn ach reitric fhoirmeálta lán de mhacallaí agus de shiombail shin-seartha nach bhfaightear de ghnáth i dtraidisiún an chaointe. Tá ársaíocht dhíniúil i nguth baineann na chéad abairte a mhacallaíonn siar amach go dtí an Chailleach Bhéara agus atá curtha i bhfios tríd an séanadh a dhéantar leis an gceád fhocal as a béal. Is é atá á fhogairt aici ná: an té a fhiosródh i gceart, tá níos mó inti ná creatlach seanchaite:

Ní fior go bhfeiceann tú os do chomhair seanbhean liath sheargtha ...

Taobh le foirmeáltacht na reitrice sa dara abairt, tá dáiríre agus muintearas sa ghuth labhartha, faoi mar a bheadh sí ar a mine ghéire ag iarraidh coincheap teibí, contrártha a chur abhaile:

Bhí mé óg, ach tá mé níos óige — álann, tá mé anois níos áille fós.

Ceist reitriúil atá sa chéad abairt eile, faoi mar a bheadh sí ag iarráidh an paradacsá sa dá líne thuas a chruthú: 'Nach bhfeiceann tú an triúr?' An triúr dá dtagraíonn sí, i dtéarmaíocht shaibhir fhileata, is pearsanú laochta idéalach ar spiorad an dúchais iad: 'triúr Oscar' — is é sin, laochra a sheas an fód ar son na hÉireann.

Tá an aisling is cáiliúla i dtraidisiún na Gaeilge ('Gile na gile...', le hAogán Ó Rathaille), ag péacadh tríd anseo leis, faoi mar atá ceann de mhór-amhráin na Gaeilge (An Chúileann: '...is an bhfaca tú gile agus finne agus scéimh na mná'), agus an radharc is gleoite b'fhéidir, i litríocht na Gaeilge trí chéile:

Ba mhaith liom fear ar a mbeadh na trí datha réamhráite: dath an tsneachta ar a chneas, dath an fhiainigh ar a fholt agus dath fola laoigh ar a ghrua. (Scéal Dheirdre).

Scolaíocht Ardteist, cursa 2006

An Mháthair: Aisling Chultúrtha

An dán le Caitlín Maude
á bhreithniú ag Tadhg Ó Dushláine

I bhfianaise na hoidhreachta san iarrtar orainn athfhéachaint ar an bpearsa seo os ár gcomhair agus feicimid an tseanbhean claochlaithe chun óige agus áille, faoi mar a bhíonn i dtraidisiún na haislinge agus a bhfuil radharc chomh drámatúil san air i ndráma de chuid Yeats:

Did you see an old woman going down the road?

No, but I saw a beautiful young maiden and she had the walk of a queen.

AN MHÁTHAIR le Caitlín Maude

'Ní fior go bhfeiceann tú os do chomhair seanbhean liath seargtha, gan luas géag, ná mire meangan, tite i bhfeoil.

Bhí mé óg, ach tá mé níos óige — álann, tá mé anois níos áille fós.

Nach bhfeiceann tú an triúr?

Gile na finne, na duibh, na doimhne — mo thriúr mac, mo thriúr Oscar.

Féach an mhaorgacht i mo shúil,

an uaisleacht i mo ghnúis,

an óige,

an áille,

an luas,

an neart,

chuile bhua faoi thrí.

Is triúr fear óg mé,

luathládir cumasach,

agus fós.

Is triúr maighdean mé

i ngrá le triúr ógtheair —

maighdeanacha meidhreacha meangacha,

snachmathe i scáilí deoracha úra

aisteacha na coille —

an eala, an fiach dubh, an smólach

ag coraíocht i mo cheann.

Nach bhfeiceann tú na hógfhír

agus na maighdeanacha

agus iad ag caint, ag gáirí

agus ag gabháil fhoinn,

i ngreim láimhe ina chéile

ag dul sios an bóithrín

fada fada sforai

agus an t-óir ag spreacharnaí

ar gach taobh diobh?'

Úsáid an uimhir trí chomh maith, tríd síos sa dán seo, is cuid lárnach de dhúchas na scéalaíochta é sin.

I gcuid seo an dáin tá luas leanúnach an fhriotail ag cur le mistéir pharadacsúil an dúchais: mistéir na buaine i lár an chlaochlaithe. Déantar líne iomlán de 'agus fós' d'fhonn an leanúnachas i lár an chlaochlaithe a shainiú; cuireann an uaim idir lúibíní — 'maighdeanacha meidhreacha meangacha' — le draíocht na fise.

Tharlódh gur tagairt do thranglam casta na staire atá i meafar na coille agus gur siombail d'ár-saíocht na hoidhreachta atá san eala (miotaseolaíocht), an fiach dubh (Rúraíocht) agus an smólach (Fiannaíocht).

Athghabháil ar líne a hocht atá anseo ina dheireadh — 'Nach bhfeiceann tú na hógfhír', mar a bhfaighimid pictiúr álann, rómánsúil de na cúplaí seo i bpáirt le chéile — '...iad ag caint, ag gáirí / ag gabháil fhoinn.'

Tá athghabháil déanta ag na hÓglach seo ar a ndúchas. Ní ar 'ród' an Phiarsaigh ina aisling siúd 'Fornocht do chonac thú', atá siad ach ar a mbóithrín aitheanta — an iarmhír '-ín' ag cur leis an muintearas, faoi mar atá athrá na haidiachta 'fada' ag cur le 'síoraí', is é sin le rá, go bhfuilid sroichte go Tír na nÓg.

An scéal dóchais ina dheireadh anseo ní hionann é agus scéal na saoirse polaitiúla a ghealltar go minic i dtraidisiún na haislinge.

An comhlíonadh agus an tsaoirse a dheonaítear don té a aithníonn a fhéiniúlacht chultúrtha féin atá i gceist anseo. Sa mhéid sin, tá casadh cumasach nua bainte as sean-traidisiún na haislinge ag an bhfile sa dán seo.♦

Caitlín Maude, *Dánta, Coiscéim, 1984.*